

Title	Tá áthas orm gan bualadh leat, a mhac! Súil ghrinn Mhichael Davitt
Authors	Ní Ghearbhuigh, Ailbhe
Publication date	2016
Original Citation	Ní Ghearbhuigh, A. (2016) 'Tá áthas orm gan bualadh leat, a mhac! Súil ghrinn Mhichael Davitt', American Journal of Irish Studies, 13, pp. 149-162. Available at: https://www.jstor.org/stable/44062840 (Accessed: 29 August 2022)
Type of publication	Article (peer-reviewed)
Rights	© 2016, Glucksman Ireland House, New York University.
Download date	2026-09-03 07:23:19
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/13512



UCC

University College Cork, Ireland
 Coláiste na hOllscoile Corcaigh



GLUCKSMAN
IRELAND HOUSE
NEW YORK UNIVERSITY

"Tá Áthas orm gan Bualadh Leat, a Mhac!" Súil Ghrinn Michael Davitt

Author(s): Ailbhe Ní Ghearbhuigh

Source: *American Journal of Irish Studies*, 2016, Vol. 13 (2016), pp. 149-162

Published by: Glucksman Ireland House, New York University

Stable URL: <https://www.jstor.org/stable/44062840>

JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact support@jstor.org.

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of the Terms & Conditions of Use, available at <https://about.jstor.org/terms>



JSTOR

Glucksman Ireland House, New York University is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *American Journal of Irish Studies*

“Tá Áthas orm gan Bualadh Leat, a Mhac!” Súil Ghrinn Michael Davitt

Ailbhe Ní Ghearbhuigh

Is iomaí alt critice atá scríofa ar ghlúin INNTI ina moltar an gríosú a thug Michael Davitt dá chomhfhilí agus an t-ardán a chuir sé ar fáil dóibh trí iris a bhunú.¹ In ainneoin ról lárnach Davitt sa ghluaiseacht seo, nó b'fhéidir i ngeall air, níl an t-uafás cíortha déanta ar a shaothar filíochta go fóilleach.² Tá go leor aistí a chuireann síos ar na cúinsí as ar eascair INNTI, ar an tábhacht a bhain le Corca Dhuibhne dóibh, agus ar an rian a d'fhág filí Mheiriceá ar a gcuid saothar.³ Aithníonn Tadhg Ó Dúshláine gur chuid bhunúsach “d’armlón réabhlóidithe na 1960idí an greann Raibiléiseach agus an teallaireacht teanga d’fhonn diúltú don tseanaimsearthacht.”⁴ Sa réamhrá le *Freacnairc Mhearcairc / The Oomph of Quicksilver* (2000), luaigh Louis de Paor “*the shocking impropriety*,” “*the snub to readerly expectations*,” agus na “*verbal pyrotechnics*” atá coitianta i saothar Davitt. Is minic a bhíonn an greann mar thoradh ar na trialacha seo, mar go dtagann na trialacha friotail aniar aduaidh orainn. Is éard a chuirim romham san aiste seo ná iarracht a dhéanamh léargas a thabhairt ar an bhforbairt a tháinig ar an ngreann i bhfilíocht Michael Davitt. Áiteofar gur tháinig athrú ar a chuid grinn sa dá chnuasach dheireanacha uaidh, is iad sin, *Fardoras* (2003) agus *Seimeing Soir* (2004). Breathnófar ar na cnuasaigh a tháinig roimhe sin ionas gur féidir an t-athrú ar a chuid grinn a rianú. Go sonrach, taispeánfar gur éirigh an greann ina shaothar níos dorchá, níos dóite agus níos dáiríre.

Bligeardaíocht

Slán slán slán slán slán slán slán
Slán slán slán slán slán slán.

Seo agaibh sampla den dán “Slán is Céad” ón gcnuasach *Bligeard Sráide* (1983). Leanann an dán ar aghaidh ar an gcaoi seo, agus, go deimhin, tá an focal ‘slán’ luaite faoi chéad agus a haon ar an leathanach. Chuir an file nóta mínithe leis an dán, ar eagla aon mhíthuisceana:

Ní haon mhaith bheith ag féachaint ar an dán seo; caithfear é léamh – amach os ard. Tá aiceann nó béim ar na focail sa chló dubh. Thugas faoi dhán a scríobh a bheadh gan locht ó thaobh (i) na Gaeilge (ii) na meadarachta (iii) na brí; ní amháin san, ach dán a thuigfeadh an uile Éireannach idir Ghaeilgeoirí agus Bhéarlóirí. Táim ag gabháil d’úrscéal anois atá bunaithe ar an smaoineamh céanna. Céad Míle Fáilte an teideal a bheidh air.⁵

Léann Tadhg Ó Dúshláine an dán mar mhagadh faoi chlár an Chomhaltais is an Chonartha a batráladh isteach ann sa bhunscoil: “Slán le Máigh” Aindréis Mhic Chraith lena “Uch! Uch ón! Is breoite mise,” agus an duairceas san go léir.⁶ An bligeardaíocht chruthanta atá sa mhéid thuas? Is cinnte go bhfuil an *bravado*, nó an ghaisciúlacht agus an gliceas a shamhlaímid le Davitt le feiscint go tréan sa dán. Ach tá feidhm leis an ngreann sa chás seo mar go bhfaigheann sé an lámh in uachtar orthu siúd a bhí ag fáil locht ar a thionscnamh filíochta. Cuireann sé argóint thar a bheith loighciúil chun cinn a bhíonn mar chrann taca ag a chuid bligeardaíochta. “Caithfear é léamh amach os ard” a deir sé i dtaobh an dáin seo, agus éilíonn dánta eile leis an ngníomh taibhitheach seo freisin, mar a fheicfear ar ball.

Is ag spochadh as gramadóirí ródhúlse atá Davitt sa dán gairid “Poker”:

.....
ag deireadh an lá
tar éis grá
na gaoithe binbeach.
D’imigh sí uait
is d’fhág sí tú

gan phunt
gan tuiseal ginideach.

Tá sé ag súgradh linn sa mhéid is go gcuireann sé an ginideach i bhfeidhm in “na gaoithe” ach is geall le sonc sa phus é an “binbeach” ina dhiaidh sin do dhíograiseoirí gramadaí. Tuigimid, áfach, nach bhfuil faic “binbeach” sa dán, gur píosa spráúil, éadrom é. Is dócha gurb é a leithéid de chleasaíocht a spreag Seán Ó Ríordáin chun fiafraí in 1975 “An filíocht é seo nó gimic ... neosfaidh an aimsir.”⁷ Is díol suntais é go rabhthas ag cur na gimicíochta ina leith fiú sara raibh cnuasach foilsithe aige. Measaim go raibh tábhacht éigin le sárú seo na rialacha gramadaí mar go n-ardaítear an cheist i dtaobh cén saghas teanga a “cheadaítear” maidir le saothrú na litríochta Gaeilge, agus cé chomh tábhachtach is atá Caighdeán Oifigiúil na Gaeilge “cirte.” Trína chuid cleasaíochta, baineann sé an bonn den tuairim go gcaithfidh an fhilíocht cloí le teanga shollúnta, dháiríre, “oifigiúil.” Cuimhnímis ar Sheán Ó Ríordáin in athuair, agus an cáineadh a deineadh ar a chuid filíochta as a “ríordánaithe” agus a bhí sí. Sa tslí chéanna, cuireann saothar Davitt an teanga as a riocht, mar a deir an Paorach: “*Davitt’s work is distinguished, at times, by a sense of rupture with received structures of language and traditional patterns of imagery.*”⁸ B’fhéidir go bhfuil an chuma ar chuid de na dánta nach raibh Davitt ach ag spraoi leis an teanga, ach tríd na rialacha teanga seo, shín sé teorainn fhríotal na Gaeilge.

Tagann an dánaíocht chéanna chun cinn sa dán cáiliúil úd, “(Positively) Sráid Fhearchair” gona curfá “Táim bearáilte as an gClub a Mhamáí / Táim bearáilte as an gClub. / Sea, táim bearáilte as an gClub a Mhamáí / Táim bearáilte as an gClub. Fuaireas litir ar maidin á rá gur cinneadh / ag cruinniú den Choiste go ndéanfaí mé / a bhearáil as an gClub.” Déanann sé scigphictiúr cumhachtach sa dán nuair a chuireann sé síos ar thuin Bhaile Átha Cliath mo dhuine agus an file ag baint úsáid as córas foghraíochta an Bhéarla:

“Knock mealtock un neck a thaw a gut
Veh egg squaheruct unshuh!
Few knee lawnbowl who,” a deir sé,
“is knee kadeetur ock bweel unuct.”

Tá idir áiféis agus bhinib i gceist sa chur síos teangeolaíoch seo, agus is cleas thar a bheith éifeachtach é sa mhéid is go gcruthaítear cluaisphictiúr in aigne an léitheora.

Is gá na focail thuas a fhuaimniú chun brí a bhaint astu.

Aithníonn Tadhg Ó Dúshláine tionchar Allen Ginsberg ar an dán “Daoibhse a itheann ceapaire i Sinnott’s ó am go chéile” (*Gleann ar Ghleann*) i ngeall ar an mbealach a dhéanann siad beirt “ardréim na hacadúlachta (“rann” / “absolute,” “abstract”) a theanntú sa ghnáthshaol; agus tá casadh breise chun frithacadúlachta in iarracht Davitt, san imeartas focal idir ‘rann’ véarsa filíochta, agus *round*, focal coitianta ar chanta aráin i mbéarlagair Chorcaí.”⁹

Tá an dá chuid ann,
An chéad rann
Agus an tríú rann.

Tá an bhrí sa dara rann
Idir an dá cheann.

Sin é an greann.

Sa dán “Eleven Black Gay Jewish Terrorist Paddies!” (*An Tost á Scagadh*) cáineann an reaire na rialacha a cháilíonn imreoirí sacair na hÉireann as a bheith “róscailte.” Téann sé ó mhaoil go mullach ansin nuair a mholann sé dúinn, Gaeil, a bheith “radacach”:

Téimis cúl le cine:
Gormaigh ghroí amháin feasta mar chosainteoirí
Homaighnéaaigh bheaga righne i lár na páirce,

Giúdaigh chleasacha chun tosaigh,
Camán ina láimh ag an gcúl báire
Baineann.

Nuair a labhraíonn sé go díreach linn le “a Ghaela”, tá Béarlóirí na hÉireann á bhfágaint as an áireamh aige, agus tá sé ag cothú naisc idir na Gaeil agus pobail imeallaithe eile ar ar imríodh cos ar bolg. Gairm slógaidh ghreannmhar atá anseo óir ní neart go cur le chéile, fiú mura bhfuil d’aidhm aici ach “soláthair leanúnach *copy*” do “pheas na míntíre” a bheadh “chun tairbhe na turasóireachta.” Ní “cúl le

cine” ó cheart é, mar sin, mar go n-aontaíonn sé na dreamanna imeallaithe amháin i gcoinne na meán Angla-lárnacha, sprioc a chuid grinn i ndánta eile, ar nós “Cén difríocht idir Inchinn agus Intinn?” (*Seimeing Soir*). Cuireann teideal an dáin, “Eleven Black Gay Jewish Terrorist Paddies!” na mílte jóc íochtaráin i gcuimhne dúinn. Go deimhin, táimid ag tnúth leis an jóc, agus an comhartha uaillbhreasa úd sa teidil dár n-ullmhú chuige. Cé go bhfuil an dán seo greannmhar, tá fearg ceilte ann freisin sa tslí a dtarraingíonn sé aird ar chultúr lárnach an Iarthair – ríocht ina bhfuil an fear geal heitirighnéasach ina rí.

Dochloíteacht agus Amhras i Scuais (1998)

Tá tús an athraithe le feiscint sa chnuasach *Scuais* ach den chuid is mór, is é greann soilbhí Davitt atá sna dánta seo, faoi mar a bhí sna cnuasaigh roimhe. Tá greann chosmhuintir Chorca Dhuibhne i gceist sna dánta a bhaineann leis an gceantar sin. In “Faobhar na Faille Siar in Anglia Sheáin Uí Ríordáin”:

Dhein Joe Daly amach
gur tú an tarna tiománaí ba mheasa
a tháinig go Corca Dhuibhne riamh.
Don Athair Tadhg a thug an chraobh.

Léiríonn an giota thuas, atá ag spochadh as cumas tiomána an Ríordánaigh, mar aon leis an úsáid a bhaineann sé as an leagan canúnach “tarna” (in áit ‘dara’) gur ag labhairt go muiníneach ón taobh istigh, nó áit éigin gar dó, a bhí Davitt. Tagraíonn an teideal féin go magúil do dhán an Ríordánaigh, “Fill Arís,” mar a gcomhairlíonn an file dúinn Gleann na nGealt a fhágaint lastoir dínna agus dul “faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne.” De réir an dáin ba sa bhliain 1967 a fuair Davitt síob ón Ríordánach “ón mBuailtín siar ar an gCeathrúin,” (áiteanna ar leithinis Iarthar Dhuibhnigh).

bhís leathdhrugaithe agus tú ag iarraidh
meafar an bhóthair a shlánú
ag gliúcaíocht ar éigean duit amach thar stiúir.

Is portráid “sheascadúil” í seo, an Ríordánach “leathdhrugaithe” agus ag caint

faoin mbóthar meafarach, gan radharc cheart aige ar an bhfíorbhóthar. Is magadh geanúil atá sa chur síos seo, agus léirítear an meas ollmhór, ionraic a bhí ag Davitt dó sa véarsa deireanach:

Ach bhí “Adhlacadh mo Mháthar”
de ghlanmheabhair agam
is ba tú mo laoch
mo ghile, m’fhear.

Is cliste é an t-imeartas focal “mo ghile, m’fhear” ag tagairt don amhrán “Mo Ghile Mear,” amhrán a chuir baill de Chór Chúil Aodha i dtoll a chéile in onóir do Sheán Ó Riada i ndiaidh a bháis.¹⁰ Oireann an tagairt toisc go raibh Ó Riada mar chuid lárnach den réabhlóid chultúrtha a bhí ar siúl i gColáiste na hOllscoile Corcaigh le linn do Davitt agus buíon *INNTE* a bheith ag freastal ar an gcoláiste. Tá meon “nós cuma liom” le brath agus dochloíteacht áirithe ina chuid dánta luatha, amhail is go bhfuil sé feasach ar a chumhacht mar fhile, agus ar stádas agus seasamh an fhile sa traidisiún Gaelach. Agus é i ndiaidh leath-theaib LSD a thógaint ar dhroichead Phádraig, ritheann an smaoineamh leis: “Tá an lá leat, a Davitt, pár bán í an todhchaí. / Dochloíte tú ’measc filí” (*Scuais*). Ach, dar ndóigh, níl éinne againn dochloíte, agus tá corrdhán in *Scuais* ina bhfeicimid an t-athrú seo ar a chuid grinn atá á áiteamh agam, admháil éigin den daonnacht agus de dhorchacht na daonnachta. Cosúil leis an dán “Urnaí Maidine” (*Bligeard Sráide*), scrúdaíonn “An Cith” nádúr na póite, agus an saghas áirithe paranóia a ghabhann léi.

Ach bíonn laethanta ann nach mbíonn
leath chomh ... ceart
one two ttwo one tttwo...
continuous soundcheck id chluais
na seantapes ag playáil
ag rewindeáil ag repeatáil
repeatáil
do chuid immediate superiors
ag whisperáil id cheann
definitely tá an fear boct foct
and sometimes you’d be half expecting

go dtiocfadh hatchet
trí churtaín an shower isteach
ííííyááááárrrr....

Tá gné mhacaránach atá ar fáil i ndánta eile anseo, agus tá greann ann, ach níl aon dochloíteacht ná sotal le brath anseo; tá faitíos, tá na húdaráis bhagarthacha agus tá tagairt do Psycho de chuid Alfred Hitchcock. In ainneoin na sceimhle, más sceimhle fhírinneach í, déanaimid gáire – i ngeall ar an áiféis, b'fhéidir, nó toisc go n-aithnímid sinn féin sa dán.

Tógtar céim eile ar bhóthar an ghrinn dhóite sa dán “Revival”, ina n-iarrtar ar an bhfile léacht a thabhairt uaidh ag scoil samhraidh éigin. Nuair a lorgaíodh teideal uaidh roimh ré, is éard a dúirt sé ná:

OK arsa mise ag machnamh
ar rud éigin smeartálta
mar is dual d'fhile:
“How the Irish Language Revived Me!”
(Níor mhiste “after nearly shagging’ killing me”
a chur leis, ach fág san.)

Bhí mo leabaidh cóirithe ...
ach gach aon fhocal dár tháinig asam
bhí boladh míofar éigin uaidh
is d'éiríos as.

Ar an lá dúirt leo ná raibh agam
ach dánta agus cúpla focal cúlra
ach bhí formhór dá raibh i láthair
gan Ghaeilge agus ní raibh aon
aistriúchán déanta,

buíochas le Dia.

Díol spéise go n-aithníonn sé gur “dual” d'fhile cuimhneamh ar nithe “smeartálta.”
Feicimid an greann agus an ghaisciúlacht san fhotheideal nár chuir sé lena

chuid cainte ach tá athrú braistinte le brath nuair nach n-éiríonn leis an beart a dhéanamh. Dhealródh sé go bhfuil sé traochta; níl muinín aige as féin chun dul i mbun ceapadóireachta. Tá na focail a chumann sé “míofar,” gránna – toisc nach bhfuil cuma na fírinne orthu, b’fhéidir? Fágann san na leaganacha macánta aige, na bundánta Gaeilge. Nuair nach dtuigeann an lucht féachana an Ghaeilge, is cosúil go bhfuil faoiseamh air. An amhlaidh nach bhfuil muinín aige as na bundánta ach chomh beag? Is cosúil go bhfuil an misneach caillte aige anseo, agus go ndéanann sé iarracht é sin a cheilt faoi chlóca grinn an “buíochas le Dia.” Bheadh sé spéisiúil an dán seo a chur i gcomparáid le dán de chuid Ghearóid Mhic Lochlainn, “Aistriúchán / Translations” atá sa chnuasach *Sruth Teangacha*.¹¹ Dán i bhfad níos fuinniúla, níos binbí atá i ndán Mhic Lochlainn, ach tá searbhas in “Revival” má tá sé ábhairín níos ciúine, spadánta, fiú, sa dara leath.

Fardoras (2003) agus Seimeing Soir (2004)

Faoi mar atá ráite cheana, is éard atá á áiteamh agam san aiste seo ná go dtagann blas na dáiríreachta nó braistint níos troime ar a chuid grinn sa dá chnuasach dheireanacha uaidh, is iad sin, *Fardoras* agus *Seimeing Soir*. Agus é ag scríobh Iarfhocail do mhórchnuasach Davitt, leag Gabriel Rosenstock béim ar an nglacadh, nó ar an bhfálitiú gáirthe a fuair saothar an fhile i measc a chomhaosach:

Nuair a chuala glúin *INNTI* – filí, léitheoirí, éisteoirí, iománaithe ar an gcláí – nuair a chualadar dánta ar nós ‘An Drochbhliain’ an chéad lá, cad a dheineadar? Gháireadar. Ní fhacadar ach an fear grinn, an fear grinn amháin a chualadar. Ní fhacadar ná níor chualadar na deora reoite. Ach táid ann go fras is go faíoch, fiú sna dánta is éadroime aige. Tá seanfhocal againn sa Ghaeilge: is goirt iad na deora a shiltear ach is goirte iad na deora nach siltear.¹²

Tá cuid den cheart ag Rosenstock sa chur síos seo, cé go mbraithim go mb’fhéidir go bhfuil a bhreithiúnas bunaithe ar an aithne fhíorphearsanta a bhí aige ar Davitt. Tá cuid bheag éigin dá shaothar spráúil ar mhaithe le spraoi, áfach. Bheinn ag teacht leis an léamh a dhein Rosenstock ar “(Positively) Sráid Fhearchair,” is é sin go léiríonn sé meabhair neamhspleách Davitt agus an neamhshuim a dhein sé de chlubanna, de chórais agus d’institiúidí. Cuirtear an tráchtálaíocht san áireamh sa

liosta sin agus cumtar an dán, “Meiriceánach sa Daingean”:

*Bin there,
done that,
bought the Díseart.*

Is goineog atá á tabhairt aige anseo dóibh siúd a bhíonn ag gníomhú ar son thráchtálaíocht chultúr na hÉireann. Is dócha gur dheacair dó an t-imeartas focal mealltach sin idir “Díseart” agus “T-shirt” a scaoileadh thairis. Tagraíonn an focal “Díseart” do *deserted place*, *retreat*, nó *hermitage* sa Bhéarla, ach sa dán seo tá sé ag tagairt don ionad spioradálta agus cultúir Ghaelaigh atá sa Daingean, mar a mbíonn cúrsaí tríú leibhéal á dtairiscint do chuirteoirí agus don chosmhuintir araon. I mBéarla atá an dán, agus is i mBéarla a bhíonn na cúrsaí úd á reáchtáil den chuid is mó, cé go mbíonn an Ghaeilge á tairiscint ann mar ábhar freisin.

Is goineog eile do lucht acadúil atá sa dán “Ex-Monboy on Literary Theory” (*Fardoras*):

Dé dó nó nar’n leighc.
De heaz áil de reifrinsios fram de bucs dé weir tódh-ilt tea ruíd.

But dé st’íl céant spat de ulkavawn artuck stéarain abh’t a de teilí
Eat fadhbh in de máirnin leighc Rosenstock’s dátur.

Áil dé cean dú iz anal-aidhs de focain snó.¹³

Tá an Monboy sa teideal ag tagairt do dhuine a d’fhreastail ar an Mainistir Thuaidh, an mheánscoil cháiliúil úd i gCorcaigh ar fhreastail Traolach Mac Suibhne, Seán Ó Tuama, Seán Ó Ríordáin, Rory Gallagher agus Davitt uirthi. Éiríonn leis an bhfile sa dán seo blas Bhéarla Chorcaí a chur in iúl trí chóras litrithe na Gaeilge, a mhalairt de chleas agus a chonaiceamar in “(Positively) Sráid Fhearchair.” Arís, is gá an dán a rá amach os ard chun é a thuiscint mar sin tá gníomh taibhitheach i gceist go mór ann. Tagraíonn an “ulkavawn artuck” do dhán de chuid Gabriel Rosenstock dar teideal “Teilifís” a chum sé dá iníon Saffron.¹⁴ Nuair atá fonn teilifíse ar an iníon i lár na hoíche, taispeánann an t-athair di nach raibh aon chlár á chraoladh. A bhuí le samhlaíocht na hiníne, feiceann sí “sioráf tríd an sneachta

/ is ulchabhán Artach / Ag faoileáil / Os a chionn.” Cuimhnímid anseo ar “aighe linbh” an Ríordánaigh, oscailteacht a bhí riachtanach chun dul i mbun filíochta.¹⁵ Is impí atá i ndán Davitt go gcuimhneois ar an oscailteacht chéanna i leith na samhlaíochta ach is fainic atá ann freisin i dtaobh an iomarca anailíse a dhéantar ar an bhfilíocht, rud a mhúchfadh an eisint dhaonna atá inti. Is ráiteas é go bhfuil an tsamhlaíocht ag teastáil chun dán a thuiscint, go bhfuil gá le léitheoir chun an próiseas cruthaitheach a chomhlíonadh. Toisc go bhfuil gá leis an dán a léamh amach chun é a thuiscint, treisítear an nóisean sin go bhfuil an léitheoir ag comhlíonadh an ghnímh ealaíonta. Agus ceird “mhistéireach” na healaíne á hoscailt suas aige, tá athghabháil á déanamh aige ar na críocha ealaíonta ar son an ghnáthdhuine.

Tá dhá chuid sa leabhar *Seimeing Soir*, “Súgradh agus Aisling,” dánta aonair ar ábhair ilghnéitheacha, agus “Seimeing Soir,” sraith fiche dán faoin seal a chaith sé in iardheisceart na Fraince. Ní éiríonn go rómhaith le roinnt de na dánta ón tsraith, dar liom, toisc go bhfuil an chuma orthu gur nótaí breactha iad nár caitheadh mórán dua leo. Tá cur síos rólom ar a bhfuil timpeall air; ní leor blas na Fraince: “Bóthar cúng casta Aulus Les Bains. / Meánlae. Táimid ag fanacht ar / Le Tour óna haon déag” (VII). Tá corríomhá sa tsraith seo thar a bheith dorchá, na *tourmesols* (lusanna gréine) a shamhlaítear mar “sé mhilliún corpán / gualainn ar ghualainn / san oigheann” (XI), ag tagairt, ní foláir, don Uileloscadh. Greann séimh, cumhach atá sa tsraith; bíonn sé uaigneach ar uairibh. Agus é cois abhainn na hArac, samhlaíonn sé go mbuaileann sé le Tomás Ó Criomhthain (“Mhuise nach tú, a Thomáis Dhónaill!”) agus le Mícheál Ó hAirtneide “ag ól Armagnac / as gloine chriostail / ag portaireacht seana-bhailéid” (VI). Tá an greann séimh, uaigneach in XVII mar a gcuireann sé réigiún na Gascóine i gcomparáid le Múscaí:

Múscaí Uí Fhloinn
na Fraince, an Ghascóin;
neamhchosúil, iargúlta...
bheadh Tom Barry
aige baile
i measc na gcnoc so...

Déanann sé an treallchogaí Éireannach, Tom Barry, a lonnú i measc na gcnoc i gceantar na Gascóine, rud a bhaineann siar as an léitheoir. Más é an “neamhchosúlacht” agus an “iargúltacht” a shamhlaíonn sé le Múscaí, gach seans

go raibh comhbhá áirithe aige féin leis an áit, agus leis an nGascóin dá bharr, i ngeall ar na tréithe sin. Chonaiceamar an neamhchosúlacht agus an ghné scoite úd a bhain le Davitt sa dán “Revival” agus “(Positively) Sráid Fhearchair.” Níl an bhinb chéanna le brath anseo agus b’fhéidir gur iarracht níos macánta atá sa dán an bhraistint seo a chur in iúl. Faightear míniú sa dán céanna ar theideal an chnuasaigh, mar aon le léargas ar chluas oilte Davitt, agus é arís ag tarraingt comparáide idir ceantar Mhúscraí agus an ceantar sa bhFrainc ina bhfuil sé ar fán.

Airím

An deireadh caol ‘ng’

Ar Moulin is ar pain.

‘seimeing’ is ea chemin.

Airím ‘á’ neamh-Phárasch

Chúil Aodha.

Tá mianchumha sa dán seo, dar liom: caitheamh i ndiaidh Chorcaí, caitheamh i ndiaidh a chuid laethanta i gColáiste na Mumhan, ionad a luann sé sa dán. Tá an t-uaigneas le brath i gcuid mhaith de na dánta, rud a admhaíonn sé go neamhbhalbh i ndán amháin: ‘Tá uaigneas orm, / uaigneas aoibhinn. / Dá bhféadfainn caoineadh / chaoifinn’ (XII).

Má dhírímid anois ar na dánta atá i gcuid “Súgradh & Aisling” den chnuasach, feicimid go bhfuil admháil an dorchadais le brath orthu, fiú sna dánta greannmhara. Scríobh an file Colm Breathnach i ndiaidh bhás Davitt: “chuiris an éigse ar a bonnaibh arís sa tsaol / Ar do shlí gháiriteach dháiríre féin.”¹⁶ Is é an gáire dáiríre an nóta is treise, dar liom, i bhfilíocht dhéanach Davitt. Tá sé ag magadh, ach tá an fhírinne ina seasamh laistiar den mhagadh, mar chrann taca, ar uairibh, nó mar scáth, faoi mar atá sa dán “Bhí sé orm ar maidin nuair a dhúisigh mé”.

.....
Bhí sé ar Aogán Ó Rathaille, ar Raiftearaí ‘sar Phiaras Feirtéar.

Bhí sé ar Andy Gaw, ar Phaulie Donovan ‘sar Hadji Bey.

Bhí sé ar Chollins, ar Churchill, ar Rimbaud, ‘sar John Cage.

Bhí sé ar Shylvia Plath, ar Mháire Bhuí, ‘sar Pheig Sayers.

Bhí sé ar Íosa Críost seal.

“An mbíonn sé ortsá?”

“Orm?” ar seisean,

“ní bheinn im thaxidermist dá cheall!”

Filí móra na Gaeilge iad Ó Rathaille, Raiftearaí agus Feirtéar. Ba charachtair áitiúla i gcathair Chorcaí iad Andy Gaw agus Hadji Bey. Tagraíonn Hadji Bey do mhilseáin na dTurcach a dhein fear as an Airméin i gCorcaigh.¹⁷ Cad a bhí air nuair a dhúisigh sé ar maidin? Uafáis nó easpa misnigh nó an galar dubhach? Nó arbh é mianach cruthaitheach éigin a bhí ag borradh ann? Pé rud a bhí air, níorbh aon jóc é, má bhí sé ar Plath, ar Íosa Críost agus ar Rimbaud. Ach críochnaíonn an dán ar jóc, ar bhealach. An rud seo a bhraitheann sé, is rud é a theastaíonn ón *taxidermist*, nó rud atá riachtanach chun a jab a chomhlíonadh. An galracht a bhí air, nó easláine, nó mifholláine éigin? Is é an léamh a bheadh agamsa ar an mbraistint seo a bhí air ná misneach aghaidh a thabhairt ar an mbás. Raghainn níos faide fós, is déarfainn go raibh iachall ar na daoine seo aghaidh a thabhairt ar an mbás toisc é a bheith sa nádúr acu.

Is admháil dorchadais eile atá sa dán “Tá Áthas orm gan Bualadh leat, a Mhac!” agus féachaimis air ina iomláine anseo:

.....
tá áthas orm nach rabhais in ann teacht.

Tá áthas orm gan an corn seo a ghlacadh,

tá áthas orm go gcaithfidh mé imeacht.

Tá áthas orm nach bhfuil áthas orm fé láthair,

tá áthas orm an méid sin a admháil.

Tá áthas orm, an dtuigeann tú, nach gá

áthas a bheith orm gach aon seaigin lá.

Ar leibhéal amháin, tá sé ag magadh faoi nós an “chúplafoclachais” i sochaí na hÉireann inniu agus an nath cáiliúil úd a bhíonn in úsáid ag imreoirí spóirt: “Tá áthas orm an corn seo a ghlacadh.” Baineann sé iompú as na frásaí calctha úd go mbímid ag tnúth leo: “Tá brón orm nach rabhais in ann teacht,” “Tá áthas orm bualadh leat,” srl. Ach is ráiteas atá sa dán seo faoi bhéascna na sochaí leis, is é sin go ligimid orainn féin go bhfuil gach rud go breá, go bhfuilimid sona sásta, nuair nach mbíonn i gcónaí. Is úsáid thar a bheith Davittiúil a bhaineann sé as an

ngreann anseo mar go bhfuil rud éigin thar a bheith dáiríre á rá aige, ach é ráite i riocht an ghrinn.

Tagann athrú suntasach ar ghreann Davitt ó foilsíodh a chéad chnuasach *Gleann ar Ghleann* go dtí *Seimeing Soir*. Is ag dul i dtreo na dáiríreachta atá a chuid grinn ó *Scuais* ar aghaidh, cé gur sa dá chnuasach dheireanacha uaidh a fheictear é seo go soiléir. Ba bhealach é an greann aige chun tabhairt faoi institiúidí nó údarás, faoi mheon nó faoi dhearcadh nár réitigh sé leo. Bíonn géire i ngreann na dánta seo, agus binb ar uairibh. Chaith sé seal ag plé le trialacha teangan, le sárú rialacha an Chaighdeáin Oifigiúil, seal ag útamáil le foghraíocht na Gaeilge faoi riocht an Bhéarla agus le foghraíocht an Bhéarla faoi riocht na Gaeilge. Ach níor chleasaíocht gan dealramh a bhí i gceist leis na trialacha sin; léiríonn sé an tuiscint a bhí aige do shainréimsí uile theanga na Gaeilge:

Davitt was more attuned than any other poet in Irish to the full range of caint na ndaoine, from the unexhausted resources of traditional usage to the less reverential coinages of a younger generation of native speakers and the unofficial Gaolra of the Gaelscoileanna (Irish-medium schools) and Coláistí Samhraidh (Irish-language summer colleges) where Irish cheerfully adapts itself to the deep structure of English.¹⁸

Is fiú breithiúnas Mháire Mhac an tSaoi a lua leis seo: “Dá mbeadh an Ghaeilge á labhairt ar fuaid na hÉireann inniu is í Gaeilge Davitt a bheadh inti.”¹⁹ Cé gurbh iad na trialacha teanga is túisce a shamhlaítear le filíocht Davitt, tá feidhm thar a bheith tábhachtach ag baint leis na cineálacha éagsúla grinn ina shaothar. Tá macántacht faoi leith sna cnuasaigh dheireanacha uaidh, ionracas a aimsíonn sé tríd an ngreann dáiríre. Ar deireadh, i ndiaidh a chuid trialacha go léir, ba í dáiríreachta an ghrinn is mó a láimhseáil sé chun an Féin a chur in iúl go healaíonta. ♦

Endnotes

- ¹ Féach, mar shampla, Seán Ó Tuama: “Chuir sé líonra orthu, mhúscaill sé an chiall d’áiféis an tsaoil iontu; thug sé ó thábhairne go tábhairne iad, chuir sé *Innti* ar fáil dóibh, agus thug sé ar ais ar imeall an ghnáthshaoil iad” in “Filíocht Nuala Ní Dhomhnaill: An Mháthair Ghrámhar agus an Mháthair Ghránna ina cuid filíochta,” *Léachtaí Cholm Cille XVII* in eagar ag Pádraig Ó Fiannachta, (Má Nuad: An Sagart, 1993), 95-116.
- ² Maíonn Louis de Paor “While Michael Davitt’s achievement was enthusiastically endorsed by his peers through the various stages of its development, the critical response to his work was more querulous, and occasionally vindictive” in “Contemporary poetry in Irish: 1940-2000” in *Cambridge History of Irish Literature Vol. II*, in eagar ag Margaret Kelleher agus ag Philip O’Leary, (Cambridge: Cambridge University Press, 2006), 344.
- ³ Féach, mar shampla, na haistí in *Léachtaí Cholm Cille XLI: Filí INNTI go hiontach*, in eagar ag Tadhg Ó Dúshláine agus ag Caitríona Ní Chléirchín, (Má Nuad: An Sagart, 2011).
- ⁴ Tadhg Ó Dúshláine, “Michael Davitt” in *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*, in eagar ag Ríona Ní Fhrighil, (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2010), 58
- ⁵ Michael Davitt, *Bligeard Sráide*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1983), 60.
- ⁶ Tadhg Ó Dúshláine, *Anois Tacht an Eala: Filí Chorcaí INNTI agus an Réabhlóid Chultúrtha*, (An Daingean: An Sagart, 2011), 68.
- ⁷ Seán Ó Ríordáin, “Léirmheas ar Scríobh 1,” *The Irish Times*, 11 Eanáir 1975.
- ⁸ Louis de Paor, Réamhrá le *Freacnairc Mhearcair / The Oomph of Quicksilver*, le Michael Davitt, (Corcaigh: Cork University Press, 2000), x.
- ⁹ Tadhg Ó Dúshláine, “Michael Davitt,” in *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*, in eagar ag Ríona Ní Fhrighil, (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2010), 57.
- ¹⁰ <http://journalofmusic.com/focus/o-riadas-vision> Léite: 26 Meitheamh 2014.
- ¹¹ Gearóid Mac Lochlainn, *Sruth Teangacha*, (Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht, 2002), 62-63.
- ¹² Gabriel Rosenstock “Naomhóg ag Déanamh ar an nGréin, Iarfhocal,” *Dánta: 1966-1998*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2004), 202.
- ¹³ Mar threoir do neamh-Chorcaigh: *They do know nothing, like / They have all the references from the books they were told to read / But they still can’t spot the ‘ulchabhán artach’ staring out of the telly / At five in the morning like Rosenstock’s daughter. / All they can do is analyse the fucking snow.*
- ¹⁴ Gabriel Rosenstock, *Om*, (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1983), 36.
- ¹⁵ Feic réamhrá *Eireaball Spideoige*, (Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill, 1952), 9-25.
- ¹⁶ Colm Breathnach, *Chiaroscuro*, (Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2006), 34.
- ¹⁷ Andy Gaw atá faoi chaibidil sa dán ‘Réalpholaitíocht’ in *Scuais*, 44.
- ¹⁸ Louis de Paor, “Contemporary poetry in Irish,” in *Cambridge History of Irish Literature Vol. II*, in eagar ag Margaret Kelleher agus Philip O’Leary, (Cambridge: Cambridge University Press, 2006), 344-5.
- ¹⁹ Luaite in Ó Dúshláine, “Michael Davitt,” in *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge* in eagar ag Ríona Ní Fhrighil, (Baile Átha Cliath: Cois Life, 2010), 69.